



An Príomh-Chlár Creidmheasa

Bileog Eolais

Tuarascáil Chreidmheasa Shamplach agus
Míniúchán Samplach

www.centralcreditregister.ie/ga/



Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland

Eurosystem

Ón 30 Meitheamh 2017 i leith, tá faisnéis phearsanta agus chreidmheasa maidir le hiasachtaí á cur chuig an bPríomh-Chlár Creidmheasa gach mí ag iasachtóirí, lena n-áirítear bainc, comhair chreidmheasa, agus aon iasachtóir eile a mbíonn iasachtaí €500 nó níos mó á soláthar acu do thomhaltóirí. Ar dtús, bhí cártaí creidmheasa, morgáistí, rótharraingtí agus iasachtaí pearsanta i gceist.

Ón 31 Márta 2018 i leith, tá faisnéis á cur chuig an bPríomh-Chlár Creidmheasa gach mí ag iasachtóirí ceadúnaithe airgid agus údaráis áitiúla. Tá iasachtaí do ghnóthaí san áireamh ón tráth sin freisin.

Ón 30 Meitheamh 2019 i leith, tá faisnéis maidir le fruilcheannach, pleananna conartha pearsanta (PCPanna) agus iasachtaí maoinithe sócmhainní á cur chuig an bPríomh-Chlár Creidmheasa ag iasachtóirí. Faigh tuilleadh faisnéise maidir [lena bhfuil ar áireamh ar an bPríomh-Chlár Creidmheasa](#).

Táirgfidh an Príomh-Chlár Creidmheasa do Thuarascáil Chreidmheasa ón bhfaisnéis a bheidh curtha ar fáil ag do chuid iasachtóirí.

Cuireann an Príomh-Chlár Creidmheasa le cobhsaíocht airgeadais agus le cosaint tomhaltóirí ar na bealaí seo a leanas:

- cuireann sé anailís chuimsitheach ar fáil d'iasachtóirí maidir le hacmhainneacht creidmheasa iasachtaithe;
- tugann sé faisnéis d'iasachtaithe maidir lena bpróifíl airgeadais;
- tacaíonn sé le ról an Bhainc Ceannais maidir leis an earnáil airgeadais a mhaoirsiú agus maidir le cobhsaíocht airgeadais a chinntiú.

Ní chuirfidh do Thuarascáil Chreidmheasa in iúl cibé acu an gceadófar iasacht duit.

Ní dhéanfaidh an Príomh-Chlár Creidmheasa:

- cinneadh i dtaobh iasacht a cheadú nó a dhiúltú - is é an t-iasachtóir a dhéanfaidh an cinneadh sin;
- Tuarascálacha Creidmheasa a scóráil nó a ghrádú.

Gheobhaidh tú gluais de na téarmaí a úsáidtear i do Thuarascáil Chreidmheasa ag deireadh na bileoige eolais seo.

Ba cheart go mbeadh an dá théarma thábhachtacha seo ar eolas agat sula dtosaíonn tú:

- Is ionann **iasachtaí** agus ábhar faisnéise creidmheasa - a dtugtar CIS air sa Tuarascáil Chreidmheasa;
- Is ionann **iasachtóir** agus soláthraí faisnéise creidmheasa - a dtugtar CIP air sa Tuarascáil Chreidmheasa.

Cé leis an fhaisnéis seo?

Is leis an Banc Ceannais an fhaisnéis a choinneofar ar an bPríomh-Chlár Creidmheasa. Is rialaitheoir sonraí é an Banc Ceannais faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí. Aon fhaisnéis a tharchuirfidh iasachtóirí chuig an bPríomh-Chlár Creidmheasa, úsáidfear í chun Tuarascálacha Creidmheasa aonair a chruthú. Féadfaidh go gcuideoidh Tuarascáil Chreidmheasa le hiasachtóirí nuair a bheidh cinntí á ndéanamh acu maidir le hiasachtaí nó maidir le hiarratais ar iasachtaí. Tá tuilleadh eolais maidir le bailiú agus úsáid do chuid sonraí ar fáil ar centralcreditregister.ie áit a bhfuil nasc chuig fógra príobháideachais an Bhainc Ceannais maidir le cosaint sonraí.

Tá ceithre chuid sa Tuarascáil Chreidmheasa:

Cuid a hAon

Taispeánann an leathanach seo an fhaisnéis phearsanta a bheidh curtha chuig an bPríomh-Chlár Creidmheasa ag do chuid iasachtóirí. Tá sé déanta suas de na nithe seo a leanas:

- Cód CIS - is é seo an uimhir uathúil a shannfar do do Thuarascáil Chreidmheasa ar an bPríomh-Chlár Creidmheasa;
- do chéadainm agus do shloinne;
- dáta breithe;
- inscne;
- cineál na faisnéise aitheantais, más ann, a bheidh ar taifead duit. D'Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí a bheidh i gceist go hiondúil;
- do sheoladh nó do sheoltaí reatha má tá níos mó ná seoladh amháin agat. (Taispeánfar seoltaí roimhe seo freisin);
- uimhreacha teileafóin.

Má tá 'Fógra maidir le Pearsanú Amhrasta' curtha isteach i do Thuarascáil Chreidmheasa, taispeánfar ag bun an leathanaigh é. Féach ár mbileog eolais 'Fógra maidir le Pearsanú Amhrasta a chur isteach i mo Thuarascáil Chreidmheasa' nó téigh go dtí ár suíomh gréasáin le haghaidh tuilleadh faisnéise.

TUAIRISC CREDIT CCR

Dátaí Iarratas 02/15/2018 17:45

Faisnéis Creidmheasa Ábhar (CIS)			
Cód CIS	200000316	Nuashonrú is déanaí	30/06/2017
túsainm	ROBERT	sloinne	SMITH
Dáta Breithe	06/04/1982	inscne	Male
Stádas CIS	-		
Aithint Sonraí			
Cineál aitheantais	PPSN	Uimhir Aitheantais	1234567TW
seoladh Dáta			
Atá ann faoi láthair Príomh Seoladh			
iomlána Seoladh	8 HAMPTON STREET, URLINGFORD, CO KILKENNY, IRELAND	Eircode	-
Nuashonrú is déanaí	30/06/2017	seoladh Stádas	N/a
Atá ann faoi láthair breise Seoladh			
iomlána Seoladh	701 WOODCOURT HEIGHTS, RATHGAR, CO DUBLIN	Eircode	-
Nuashonrú is déanaí	30/06/2017	seoladh Stádas	N/a
stairiúil Seoladh			
iomlána Seoladh	70 HAMILTON AVENUE, LOUGH ATALIA ROAD, GALWAY	Eircode	-
Nuashonrú is déanaí	30/06/2017	seoladh Stádas	N/a

Cuid a dó

Tugann an leathanach seo achoimre ar do chuid iasachtaí (a dtugtar comhaontuithe creidmheasa orthu) agus ar do chuid iarratas ar iasachtaí (a dtugtar iarratais ar chreidmheas orthu). Tugann sé spléachadh duit ar na nithe seo a leanas:

- **comhaontuithe gníomhacha creidmheasa** - taispeánann sé seo do chuid iasachtaí reatha agus iomlán do chuid iarmhéideanna iasachta;
- **Comhaontuithe creidmheasa scoir** - taispeánann sé seo na hiasachtaí atá scortha ag d'iasachtóir toisc gur íocadh ina n-iomláine iad;
- **Iarratais ar chreidmheas** - taispeánann sé seo aon iarratais ar iasachtaí nua a bheidh déanta agat le sé mhí anuas.

Achoimre ar Chomhaontuithe Creidmheasa & Iarratais Creidmheasa									
Achoimre ar Chomhaontuithe Gníomhacha									
JRC Cód Conradh	CIP Ainm	CIP Conradh Uimh	Cineál táirge	Ról CIS	Méid Teorainn Maoinithe / Creidmheas €	Gan Réiteach Iarmhéid	Stádas Creidmheasa Reatha	nasctha CIS	nótaí
P35437710	-	800004508656	Personal Loan	Borrower	20,000	400	Not applicable	-	-
Q00002036	Test Provider 3	M1001334327	Mortgage - Home Loan	Borrower	180,000	172,460	Not applicable	-	-
H06821789	Test Provider	CA0000023167281116	Credit Card	Borrower	4,000	800	Not applicable	-	-
					Iarmhéid Gan Réiteach Iomlán	173,660			
Achoimre ar Chomhaontuithe Creidmheasa Dúnta									
JRC Cód Conradh	CIP Ainm	CIP Conradh Uimh	Cineál táirge	Ról CIS	Méid Teorainn Maoinithe / Creidmheas €	Dáta Dúnadh	Stádas Creidmheasa Last	nasctha CIS	nótaí
G00001547	Test Provider	4001	Overdraft	Co-Borrower	15,000	26/07/2017	-	-	
Achoimre na nIarratas Creidmheasa sna 6 mhí anuas									
JRC Cód Conradh	CIP Ainm	Stádas Conradh	Cineál táirge	Ról CIS	Creidmheas Méid á lorg €	Dátaí Conartha Iarratas	nasctha CIS	nótaí	

Cuid a trí

I gcuid a trí de do Thuarascáil Chreidmheasa, taispeántar sonraí do chuid iasachtaí go léir. Tá cúig chuid ann.

1. **Faisnéis uathúil** - áirítear anseo uimhreacha (uimhreacha tagartha) a úsáidtear chun do Thuarascáil Chreidmheasa a chruthú, na cineálacha iasachtaí atá agat mar aon le do chuid iasachtóirí.
2. **Faisnéis bhunúsach maidir leis an iasacht** - áirítear anseo faisnéis faoi théarmaí na hiasachta amhail an cineál iasachta, dáta tosaigh agus deiridh na hiasachta, agus tagairt tomhaltóra, lena gcuirtear in iúl cibé acu an tomhaltóir é an t-iasachtaí nó nach é.
3. **Faisnéis airgeadais** - tá méid na hiasachta, líon ionchasach na n-íocaíochtaí agus an modh íocaíochta san áireamh anseo. I gcás fhormhór na n-iasachtaíthe, beidh dochar díreach, buanordú nó lóisteáil airgid thirim i gceist leis an modh íocaíochta. Cuirtear in iúl freisin cibé acu an bhfuil tú ar gcúl le haisíocaíochtaí agus taispeántar duit líon na n-íocaíochtaí atá 'thar téarma'.
4. **Creidmheas atheagraithe** - áirítear anseo faisnéis a chuireann in iúl duit cibé acu an bhfuil athmhaoiniú déanta ag d'iasachtóir ar an iasacht, mar shampla, chun comhiasachtaí a bhaint. Murab amhlaidh an cás, feicfidh tú dais (-).
5. **Taifead míosúil ar fhaisnéis feidhmíochta** - áirítear anseo faisnéis i dtaobh cibé acu ar comhaontaíodh athrú ar théarmaí na hiasachta leis an iasachtóir. Cuirfear leis an bhfaisnéis seo go dtí go mbeidh cúig bliana d'fhaisnéis ar taifead. Tá colún ann ar a dtugtar 'Teagmhas um Athstruchtúrú'. Áirítear anseo faisnéis i dtaobh cibé acu ar comhaontaíodh athrú ar théarmaí na hiasachta leis an iasachtóir.

Tá an chuma seo ar chuid a trí de Thuarascáil Chreidmheasa:

JRC Cód Conradh	CIP Conradh Uimh	Cineál táirge	CIP Ainm	
Q00002036	M1001334327	Mortgage - Home Loan	Test Provider 3	
Sonraí Conartha				
Cineál táirge	Mortgage - Home Loan	CIP Ainm	Test Provider 3	
JRC Cód Conradh	Q00002036			
CIP Conradh Uimh	M1001334327			
Stádas Conradh	-	Nuashonrú is déanaí	31/12/2017	
Conradh Céim	Active	Ról CIS	Borrower	
Dátaí Tosaigh	20/06/2017	nasctha CIS	-	
aibíocht Dáta	10/08/2041	Bratach Tomhaltóirí	1	
Dátaí Deireadh Conartha Iarbhír	-	Airgeadra bunaidh	Euro	
méid Maoinithe	180,000	Minicíocht íocaíochta	Monthly	
Íocaíocht Míosúil Dlite	-	Modh íocaíochta	Direct Debit	
Líon iomlán na n-íocaíochtaí atá beartaithe	300	Dáta Chéad Íocaíocht	-	
Íocaíocht Ar Aghaidh Dlite	905	Dáta Íocaíochta Ar Aghaidh	10/02/2018	
Íocaíocht Last Déanta	-	Dáta Íocaíochta Last	-	
Iarmhéid gan íoc	172,460	Líon na nÍocaíochtaí Past Dlite	0	
Creidmheasa Reorganised				
Creidmheasa Reorganised	-	Dáta Creidmheasa Reorganised	-	
Bunaidh CCR Cód Conradh	-	Reorganised JRC Cód Conradh	-	
sonraí feidhmíochta				
bhliain/mí	Iarmhéid gan íoc	Líon na nÍocaíochtaí Past Dlite	Stádas creidmheasa	Imeacht athstruchtúrú
2017/12	172,460	0	Not applicable	Not applicable
2017/11	172,825	0	Not applicable	Not applicable
2017/10	173,190	0	Not applicable	Not applicable
2017/9	173,555	0	Not applicable	Not applicable
2017/8	173,920	0	Not applicable	Not applicable
2017/7	174,285	0	Not applicable	Not applicable
2017/6	174,650	0	Not applicable	Not applicable

Cuid a ceathair

Tugtar an ‘lorg’ ar chuid a ceathair. Is taifead é seo de na dátaí go léir ar a bhfuarthas rochtain ar an Tuarascáil Chreidmheasa, de na daoine go léir a fuair rochtain uirthi agus de chineál agus chuspóir an fhiosraithe.

Is féidir le hiasachtóirí Tuarascáil Chreidmheasa a fheiceáil sna cásanna seo a leanas:

- nuair a dhéanfaidh tú iarratas ar iasacht nua - taispeánfar é seo mar ‘Fiosrú maidir le hlarratas Nua’;
- nuair a dhéanfaidh tú iarratas ar athstruchtúrú ar iasacht reatha - taispeánfar é mar ‘Fiosrú Faireacháin - Athstruchtúrú’;
- má tá tú ar gcúl le haisíocaíochtaí ar iasacht reatha nó má tá an teorainn ar chárta creidmheasa nó ar rótharraingt sáraithe agat - taispeánfar é sin mar ‘Fiosrú Faireacháin’.

Má dhéanann iasachtaí iarratas ar a T(h)uarascáil Chreidmheasa féin, taispeánfar é sin mar ‘Fiosrú CIS’ faoi ‘Cineál an Fhiosraithe’.

Beidh an lorg nó taifead ar taispeáint go ceann cúig bliana.

lorg			
Lorg coise: Taifead Rochtana sa 5 bhliain anuas			
rochtain déanta AG	Dátaí Fiosrúcháin	Feidhm	cuspoir
	15/02/2018	Monitoring Enquiry	Restructure

Gluais

Cód conartha CCR - an uimhir uathúil arna sannadh don iasacht ag an bPríomh-Chlár Creidmheasa.

Méid a muirearaíodh - an méid iomlán a muirearaíodh ar do chárta creidmheasa sa tréimhse is deireanaí.

Uimh. Chonartha CIP - an uimhir uathúil arna sannadh d'iasacht ag an iasachtóir.

Ainm CIP - ainm an iasachtóra i leith iasachta ar leith.

Cód CIS - an uimhir a úsáideann d'iasachtóir chun do thaifead a shainaithint ar an bPríomh-Chlár Creidmheasa.

Tagairt Thomhaltóra - taispeánfar é seo mar 'tomhaltóir' i gcás iasachtaí do thomhaltóirí. Léiríonn sé gur tomhaltóir é an t-iasachtaí mar a mhínítear san Acht um Chreidmheas do Thomhaltóirí.

Dáta Deiridh Iarbhír an Chonartha - an dáta ar a dtiocfaidh deireadh leis an iasacht. I gcás fhormhór na n-iasachtaí, is ionann an 'dáta aibíochta' (an dáta ar a nglanfar an iasacht) agus 'dáta deiridh iarbhír an chonartha', ach amháin i gcás ina mbeidh an iasacht íoctha go luath ag an iasachtaí.

Tréimhse an Chonartha - má tá 'gníomhach' marcáilte air seo, ciallaíonn sé nach bhfuil deireadh curtha ag an iasachtóir leis an iasacht. Má tá 'scortha' marcáilte air seo, ciallaíonn sé go bhfuil deireadh curtha ag an iasachtóir leis an iasacht.

Dáta Iarrtha an Chonartha - an dáta ar a bhfaighidh iasachtóir iarratas ar chreidmheas.

Stádas an Chonartha - beidh dais (-) sa réimse seo i gcónaí.

Méid an Chreidmheasa atá lorg - méid na hiasachta a bhfuil iarratas á dhéanamh ina leith.

Teorainn Chreidmheasa - an teorainn atá curtha ag an iasachtóir ar rótharraingt nó ar chárta creidmheasa.

Stádas Creidmheasa - i gcás ina mbeidh aon chaingean dlí tionscanta, nó i gcás ina mbeidh iasacht nó cuid d'iasacht glanta nó díscríofa, taifeadfar an méid sin anseo. Taifeadfar freisin géilleadh saorálach sócmhainne.

Stádas Reatha Creidmheasa - An stádas is déanaí creidmheasa ar do thuarascáil chreidmheasa.

Dáta Clabhsúir - an dáta ar a gcuirfidh an t-iasachtóir deireadh leis an iasacht.

Dáta na Chéad Íocaíochta - an dáta a mbeidh súil ag an iasachtóir go ndéanfar an chéad íocaíocht.

Dáta na Chéad Íocaíochta Eile - an dáta a mbeidh súil ag an iasachtóir go ndéanfar an chéad íocaíocht eile.

Dáta an Mhuirir is Deireanaí - an dáta ar ar gearradh an muirear is deireanaí ar do chárta creidmheasa sa tréimhse is deireanaí.

Os cionn an Méid Teorann - an méid faoinar sháraigh tú an teorainn chreidmheasa ar chárta creidmheasa. Is ionann an teorainn chreidmheasa agus an méid atá socraithe ag an iasachtóir mar theorainn ar chárta creidmheasa. Más rud é nach bhfuil tú thar an teorainn, taispeánfaidh nialas anseo.

Dáta is deireanaí thar an teorainn (nasctha le Os cionn an Méid Teorann)- an dáta is deireanaí ar ar sháraigh tú an teorainn chreidmheasa ar do chárta creidmheasa. go huathoibríoch tá an dáta deiridh gnó sa mhí roimhe sin

Dáta na hÍocaíochta is Deireanaí - an dáta a fuarthas an íocaíocht dheireanach.

An Méid Maoinithe - an méid a thug an t-iasachtóir d'iasachtaí ar dtús mar mhorgáiste nó mar iasacht phearsanta nó an teorainn chreidmheasa ar rótharraingt nó ar chárta creidmheasa.

Stádas Creidmheasa is deireanaí - an stádas creidmheasa is deireanaí atá tugtha ag an iasachtóir i do leith maidir le hiasacht. Cuireann do stádas creidmheasa in iúl cibé acu an bhfuil caingean dlí tionscanta ag iasachtóir nó ar géilleadh sócmhainn go saorálach, nó ar glanadh nó ar díscríobhadh iasacht nó cuid d'iasacht.

An Íocaíocht Dheireanach a rinneadh - na hÍocaíochtaí a rinneadh sa mhí calander deireanach.

An Nuashonrú is Deireanaí - an dáta ar a bhfuair an Príomh-Chlár Creidmheasa an fhaisnéis is deireanaí ó do chuid iasachtóirí i leith iasachta.

CIS nasctha - má tá iasacht faighte ag duine leis/léi féin, déanfar é seo a mharcáil le fleiscín (-). Má tá iasacht faighte ag duine i gcomhpháirt le duine eile, taispeánfar 'comhiasachtaí' anseo.

Dáta Aibíochta - an dáta is dóigh le hiasachtóir go nglanfar an iasacht.

Íocaíocht Íosta % - an méid íosta a bheidh le híoc agat le d'iasachtóir gach mí. Is céatadán é seo den iarmhéid atá fágtha. Mar shampla, más gá duit íocaíocht íosta de 5% a dhéanamh agus más ionann an t-iarmhéid atá fágtha agus €1,000, is é €50 an íocaíocht íosta a bheidh dlite.

An Chéad Íocaíocht eile atá Dlíte - is ionann é seo agus an méid atá dlite i leith na chéad íocaíochta eile.

Nóta - má tá nóta curtha ar Thuarascáil Chreidmheasa, seans go gcuireann se in iúl go bhfuil nithe áirithe faoi bhreithniú, mar shampla, iarratas chun faisnéis a leasú. (Le haghaidh tuilleadh faisnéise, féach an bhileog eolais 'Iarratas chun faisnéis i mo Thuarascáil Chreidmheasa a leasú'.) Taispeánfar comhartha nóta ar an leathanach achomair agus taispeánfar a bhfuil sa nóta ag bun gach iasachta dá dtagraíonn sé.

Líon na nÍocaíochtaí Thar Téarma - líon na n-íocaíochtaí atá thar téarma ar iasacht. Má tá iasacht cothrom le dáta, déanfar é seo a mharcáil le fleiscín (-).

Cód Conartha Bunaidh CCR - i gcás ina mbeidh iasacht atheagraithe chun comhiasachtaí a scaoileadh ón iasacht, beidh Cód Conartha nua CCR ag an iasacht atheagraithe. Coinnítear an fhaisnéis bunaidh sa réimse seo chun go bhféadfar Tuarascáil Chreidmheasa a tháirgeadh don chomhiasachtaí arna scaoileadh ón iasacht. Féach 'creidmheas atheagraithe' le haghaidh tuilleadh faisnéise.

Airgeadra Bunaidh - an t-airgeadra inar tugadh an iasacht ar dtús. I gcás fhormhór na n-iasachtaí, léireofar é seo mar euro.

An tIarmhéid Gan Íoc - an t-iarmhéid iomlán atá gan íoc nó atá fágtha i leith iasachta.

Minicíocht na nÍocaíochtaí - a mhinice a dhéanfar íocaíochtaí. I gcás fhormhór na n-iasachtaí do thomhaltóirí, is ar bhonn míosúil, ar bhonn coicíse nó ar bhonn seachtainiúil a dhéanfar íocaíochtaí.

An Modh Íocaíochta - an chaoi ina ndéantar íocaíochtaí. I gcás fhormhór na n-iasachtaí do thomhaltóirí, is dochar díreach, buanordú nó lóisteáil airgid thirim a bheidh i gceist leis seo.

Cineál Táirge - cur síos ar an gcineál iasachta. Cárta creidmheasa, morgáiste, rótharraingt nó iasacht phearsanta a bheidh i gceist leis seo. Áireofar pleananna conartha pearsanta agus comhaontuithe fruilcheannaigh faoi 'Cineál Táirge' amach anseo. Áireofar iasachtaí gnó ó mhí an Mhárta 2018 freisin.

Ról - má tá iasacht faighte ag duine éigin leis/léi féin, taispeánfar é seo mar 'iasachtaí'. Má tá iasacht faighte ag duine éigin i gcomhpháirt le duine eile, taispeánfar é seo mar 'comhiasachtaí'.

Creidmheas Atheagraithe - i gcás ina mbeidh iasacht atheagraithe ag iasachtóir d'fhonn comhiasachtaí a scaoileadh ón iasacht, léireofar an réimse seo mar 'y'. Mura mbeidh sé atheagraithe, taispeánfar fleiscín (-) anseo.

Teagmhas um Athstruchtúrú - déanfar sonraí maidir le haon athstruchtúrú ar iasacht a thaispeáint sa cholún seo má dhéanann an t-iasachtóir agus an t-iasachtaí comhaontú a dhéanann difear do théarmaí na hiasachta. Ar theagmhais um athstruchtúrú, áirítear téarma iasachta a shíneadh nó glacadh le haisíocaíochtaí níos ísle (amhail ús amháin) ar feadh tréimhse ar leith.

Dáta tosaigh - an dáta ar a dtosaíonn an iasacht.

Líon iomlán na n-íocaíochtaí beartaithe - líon na n-íocaíochtaí a mbeidh súil ag an iasachtóir leo thar thréimhse na hiasachta.

Tuilleadh Faisnéise

Ar líne: www.centralcreditregister.ie/ga/
Ríomhphost: myrequest@centralcreditregister.ie
Líne Thalún: 01 224 5500

Samhain 2021